

Marthain le mac Concobhair

[J. O'Donovan, *Miscellany of the Celtic Society* (1849), 328-38]

Eoin Másach h-Ua Maethagáin dixit so.

[Casbhairdne, Brúilingeacht]

1 Marthain lé mac Choncobhair,
scarthain dam re derbhcharaid,
ó'n ég so, mar fhoillsighthear,
mo dherca do dhergumar;
meisi gan mac Conchobhair
creite dam óm' dhermannaibh.

2 Fer uasal Ua h-Eidirsceoil,
fer ó bhfuaras tromanair;
mé am mBérre fa begonóir:
da éissi is céim comaicláin,
is fír ég Í Eidirsceoil,
lén na gcrich d'a chomhatmáil.

3 Nír aithnes in t-iarthar-sa;
do cailledh mo chadhas-[s]a,
bás mo dhuine dhúchasa,
ní cluithi, acht crádh lánfhada,
is brath air bás Diarmada,
do lag cách mo chadhas-[s]a.

4 Ní éistfedh hUa Eidirsceoil
re h-énech 'gum esanóir;
ar ndol do'n úr enechréigh
a tú a-nocht fá nemhanáir,
fuair enech Í Eidirsceoil
fá dheredh a deghadmháil.

5 Deghfheithmheoir na daennachta,
hUa hEidirsceoil m'fhialchara,
d'éis mo dhuine dúchasa,
ní fuide mé ar mhiangasa,
is terc again érchara,
'gá n-anfuinn 's an iarthar-sa.

6 Degailt risin Dhiarmaid-sin
esbaidh os gach énesbaidh,
aes Bérre le a buanchumhaidh
d'á éisi nír éirghedar,
monga derc fa'n Diarmuid-sin
budh srebh corcra a céidfherthain.

7 Derbh gur ab uadh fhoillsighther
tuath is cell fá coimhdheacair,
bláth 'na thír ní thaidhbhrighther,
lá ní bhí gan boirbherthain,
terc mes tré mhac Conchobháir,
is terc lucht ac loilghechaibh.

8 Ní iarr bech a buachaillecht,
lé tes a n-iath larmhumhan,
in tsín im ^[leg. uime?] a n-aenghalar,
'scach duine co dianchumhthach,
ré ná grian ní gnúissholus
d'á éis a n-iath larmhumhan.

9 Me a ndecair 'sa ndrochonóir
le hesbaidh Í Eidersceoil,
in fer faebhrac, follasréidh,
don daennacht fa deighfheithmheoir,
lem' chroidhi is cuairt nemhfalláin
misi ar uaidh Í Eidersceoil.

10 A Bérré do bhídhgamar,
co hérgi d'á oighredhaibh,
dúbhach mé tar Mhuimhnechaibh
d'éis an churadh cheinnselaigh,
clann charad do chonncamar,
anfadh agá eighredhaibh.

11 A-deir damh rer nDiarmaid-ne,
do theist d'fhás do fhaemhuis-[s]i
beith slán deit is dochaidi:
lá na breithi baedhlaighi
creiter ó dho chuadhais-[s]i
in t-ene gan aeghaire.

12 Gan bás is béim oruin-ne,
madh slán mé 'snach mairi-si
bheith slán dam is dochraide,
'sdo bhás ag bruth m'athtuirsi,
tumadh a n-aghain oruin-ne
marthain is nách mairidh-si.

13 Do chuadhas a gcorraidhe,
ar n-uabhar rop aislingthi,
trén gach én nech oruin-ne,
ní héister rem' aintreisi,
fáth ár dtoirrsi truimi-ne
gan t'oighre dom' aithne-[si.]

14 Mé um Dhiarmuid lem' dhecrachaibh,
co tráth iarruid ac osnadhuigh,
fá tú urra m'anacuil:
is tussa do thoghumar
guidhi ort-sa ac aiffrindaibh,
scola uime a cosnamhuigh.

15 Tech Dé agat d'airighthi,
ní a n-aisgedh uaraisi;
tussa tuc mo thréntuirsí,
fá tú urra m'fhuaslaighthi,
tug dúnn eol na heolchuire,
beo do chló, 'sdo chuadhais-[s]i.

16 Tú dob urra agam-sa,
fá tussa mo thigherna,
nech acu 'san bhferann-sa,
ní fhaca fá t'innell-sa,
mór do bhen t'ég orum-sa,
nech ní trén gan tigherna.

17 Decair ar cách cuiri-sí,
atá h'esbaidh oruin-ne,
dol leat dúinn do dlighfidhe,
dar let is cúis corraidhe,
t'agallaimh a n-aislingthi
'na hanobair oruin-ne.

18 Mé um Dhiarmuid um ^[leg. im] dhibertach,
a ndianbhroid co deighenach,
gan urra rem' fhuaslugadh,
a chumha gum chédmhesgadh,
cíd hómór n-esbaidh fuaramar
is mó in decair déighenach.

19 An t'ég-sin Í Eidersceoil,
dom' déraibh is dathadóir,
a theist riamh do rothionóil,
ó Dhia do gheibh glanonóir,
do bheir ég Í Eidersceoil,
dér ar dherc 'na dhathadóir.

20 Lén is uilli fhuaras-[s]a,
ég mo dhuine duchusa,
in tslat échtach arrachta,
dam ac dénamh dúthrachta,
cuimhne ar dhúthchus Diarmada,
mo dhuthracht an duthchus-sa.

21 Bás carad ó at-chualamar,
galur nach gnáth d'fóirighin,
láimh re a lig fá lochrandaibh,
bídih cach ina cóirighthíbh,
mé am' aenar 'san larmhumhain,
a n-aenach 'sa n-óiltighibh.

22 Ar locht air dob' eigcnesta,
fa maith daennacht Diarmada,
ar chaithemh ní chuala-sa,
a aithghin 'san Iarthar-sa,
ní gar a sheoid shaeghalta,
'gá mhac a ndeoigh Diarmada.

23 Ar tús ní bhím beochroidhech,
rem' chúl re crích larmhumhan;
tug Diarmuid co dúthrachtach,
gan iarraidh ar iarrumar;
do rinde Dia díghaltas,
a-nois[-se] ar iath larmhumhan.

24 Coma let lá in médaighthi,
fer as crádh lem' chroidhi-si,
ferrdi a Íssa h'aithni-si,
ó hltha ar bhár n-imirce.
a Chríst is cned oruin-ne
in chreach righ do rindis[-s]i.

25 Truma ná gach tréngalar
a chumha gum chuartughadh;
bás aeinfhir 'gum ísliughadh,
ní budh héidir m'fhuaslugadh,
a-nois, a Dhé, dhighéltar,
mo thoil féin má fuaramar. Marthain.

26 Croch Chríst, in chroch cúmhachtach!
'com dhín a-nois nemhcheilter;
a naemhchroch 'gom nertachadh
is gaelmhar in ghenelach,
is an chobhair chúmhachtach,
in chroch-sin dár chreidemar.

27 Inghen Anna d'athmholadh
damh-sa nocha drochobair,
gan síl Adhaim d'aitherrach
máthair Chríst 'gar comhfhortacht;
guídhthí dhúnn co deibheadhach,
Muire árd, do thoghamar. Marthain.

Misi Tánaidh h-Ua Maelchonaire, agus a n-Druim Colpa atú a d-tigh Dairghre Í Duibhghennáin. Do Choinnacht Ua Duibhghennáin do scríbadh so.